NPPR
Non-Principal Private Residence

FOIRM CHLÁRÚCHÁIN CUSTAIMÉARA NUA

NPPR10N

A. Uimh. PSP/TRN Úinéir na Réadmhaoine (Féach Nóta A)

Má tá cónaí ort i dtír taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann **agus** mura bhfuil Uimh. PSP/TRN agat, cuir tic sa bhosca seo, le do thoil ☐

B. SONRAÍ ÚINÉARA (Féach Nóta B) **SCRÍOBH BLOCLITREACHA, LE DO THOIL**

Céadainm | Sloinne

Ainm Comhlachta (Más Bainteach)

Teagmháil Comhlachta
Céadainm | Sloinne

Seoladh Comhfhreagrais

Contae

Tír

Uimh. Fóin

Uimh. Fón Póca

S. Ríomhphoist

C. RÉADMHAOINE LE BHEITH CLÁRAITHE (Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha) (Féach Nóta C)

Réadmhaoin 1 ***SCRÍOBH BLOCLITREACHA, LE DO THOIL***

Seoladh

Contae

Údarás Áitiúil

Cineál Réadmhaoine ☐ Teach ☐ Árasán ☐ Mionárasán

An raibh an réadmhaoin seo mar ÁCPN agatsa ar na dátaí seo a leanas: 31 Iúil 2009 Bhí ☐ Ní raibh ☐ (Féach Nóta C)
31 Márta 2010 Bhí ☐ Ní raibh ☐

Réadmhaoin 2 ***SCRÍOBH BLOCLITREACHA, LE DO THOIL***

Seoladh

Contae

Údarás Áitiúil

Cineál Réadmhaoine ☐ Teach ☐ Árasán ☐ Mionárasán

An raibh an réadmhaoin seo mar ÁCPN agatsa ar na dátaí seo a leanas: 31 Iúil 2009 Bhí ☐ Ní raibh ☐ (Féach Nóta C)
31 Márta 2010 Bhí ☐ Ní raibh ☐

Ar leanúint ar an gcéad leathanach eile….

D'ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN

Cód Tagartha Cuntais:	STAMPA AGUS DÁTA OÁ	**UIMHIR LOGA:**
Aitheantas Idirbhirt:		

D. RÉADMHAOINE LE BHEITH CLÁRAITHE (*Ar Leanúint*) ***SCRÍOBH BLOCLITREACHA, LE DO THOIL***

Réadmhaoin 3 ***SCRÍOBH BLOCLITREACHA, LE DO THOIL***

Seoladh

Contae

Údarás Áitiúil

Cineál Réadmhaoine ☐ Teach ☐ Árasán ☐ Mionárasán

An raibh an réadmhaoin seo mar ÁCPN agatsa ar na dátaí seo a leanas: 31 Iúil 2009 Bhí ☐ Ní raibh ☐ (Féach Nóta C)

31 Márta 2010 Bhí ☐ Ní raibh ☐

Réadmhaoin 4 ***SCRÍOBH BLOCLITREACHA, LE DO THOIL***

Seoladh

Contae

Údarás Áitiúil

Cineál Réadmhaoine ☐ Teach ☐ Árasán ☐ Mionárasán

An raibh an réadmhaoin seo mar ÁCPN agatsa ar na dátaí seo a leanas: 31 Iúil 2009 Bhí ☐ Ní raibh ☐ (Féach Nóta C)

31 Márta 2010 Bhí ☐ Ní raibh ☐

(má tá breis is ceithre réadmhaoin le bheith cláraithe, bain úsáid as leathanach eile, le do thoil)

E. SONRAÍ ÍOCAÍOCHTA – Is gá an íocaíocht a dhéanamh in EURO (Féach Nóta D)

Seic nó Íocaíocht Dréacht Bainc ***Iníoctha le NPPR***

Seic ☐ Dréacht Bainc ☐

Uimhir an tSeic Cód Sórtála Bainc Méid €

Íocaíocht Ordaithe Poist ***Iníochta le NPPR***

Uimhir an Ordaithe Poist Méid €

Rogha Íocaíochta Cárta

Visa ☐ Mastercard ☐ Laser ☐

Uimhir an Chárta

Dáta Éaga L L M M B B

Ainm Shealbhóir an C.

Síniú Shealbhóir an C.

Méid €

F. CEIST SLÁNDÁLA – *Roghnaigh ceist amháin, le do thoil* (Féach Nóta E)

a) Céard é ainm breithe do mháthar? ☐ b) Cérbh é ainm do chéad pheata? ☐

c) Céard é d'áit bhreithe? ☐ d) Cá bhfuil do chomhlacht bunaithe? ☐

SCRÍOBH BLOCLITREACHA, LE DO THOIL

Freagra

G. SÍNIÚ (Féach Nóta F) - *Dearbhaím go bhfuil an t-eolas thuas ceart*

Síniú Úinéir na R./ an Ghníomhaire

Dáta L L M M B B

Seol an fhoirm chomhlánaithe sa phost chuig NPPR, Bosca Oifig Phoist 11654, Baile Átha Cliath 8 nó chuig an Údarás Áitiúil bainteach

Nótaí ar Chomhlánú na Foirme Clárúcháin d'Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha – NPPR10N

Má chláraigh tú réadmhaoine i rith 2009, comhlánaigh an fhoirm athnuachan NPPR10R, le do thoil

Agus an fhoirm á comhlánú agat, scríobh BLOCLITREACHA. Scríobh go soiléir agus go cruinn taobh istigh de na boscaí. NÁ BÍODH do pheannaireacht ceangailte dá chéile.

A – UPSP/UTC:

- Má tá cónaí ort i dtír taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann **agus** mura bhfuil UPSP/UTC agat, cuir tic sa bhosca chun an cás seo a dheimhniú, le do thoil, chomh maith leis an spás le haghaidh UPSP/UTC a fhágáil bán.
- Tá UPSP (nó uimhir IÁS) uathúil ag gach uile dhuine agus úsáidtear í chun difreáil a dhéanamh idir daoine a bhfuil ainmneacha cosúla orthu nó a bhfuil seoltaí cosúla acu. Is gnách go mbíonn an UPSP luaite ar ráitis chánach agus leasa shóisialaigh agus ar P60. Mura bhfuil UPSP agat, déan teagmháil le d'oifig áitiúil de chuid na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (RGST). Rialaítear úsáid UPSP de réir an dlí. Tá Cód Cleachtais an UPSP ar fáil ón RGST agus ar a suíomh gréasáin **(www.welfare.ie).**
- UTC (TRN) - Tá comhlacht ar bith atá cláraithe in Éirinn faoi réir cánach go huathoibríoch agus tá uimhir thagartha cánach acu dá réir.

B – SONRAÍ ÚINÉARA:

- Má dhéanann tú ionadaíocht ar son comhlachta nó eagraíochta, cuir isteach Ainm an Chomhlachta agus ainm teagmhála an chomhlachta.
- Bí cinnte go gcuirfidh tú isteach seoladh comhfhreagrais, le do thoil, ós rud é go seolfar admháil chuig an seoladh seo nuair a bheidh próiseáil déanta ar d'fhoirm.
- Má tá an réadmhaoin faoi chomhúinéireacht, tá na comhúinéirí go léir faoi dhliteanas, ach chealódh íocaíocht a dhéanfadh comhúinéir amháin ar bith dliteanas na gcomhúinéirí go léir. Tabhair sonraí faoi úinéir AMHÁIN, le do thoil.

C – RÉADMHAOINE LE BHEITH CLÁRAITHE:

- Roghnaigh 'Bhí' nó 'Ní raibh' in aice leis an gceist, le do thoil – An raibh an réadmhaoin seo mar ÁCPN agatsa ar na dátaí seo a leanas: 31/07/09 agus 31/03/10
    - Má roghnaigh tú 'Bhí' i gcás "31/07/09" agus
        - Murar íocadh dliteanas 2009, beidh pionóis deireanaí i gceist NÓ
        - Má tá dliteanas 2009 íoctha, comhlánaigh Foirm Athnuachana Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha NPPR10R, le do thoil.
- Luaigh cén ceantar údaráis áitiúil ina bhfuil an áit chónaithe suite, le do thoil. Is iad na hÚdaráis Áitiúla ná:
  Comhairlí Cathrach - Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach, Port Láirge.
  Comhairlí Contae - Dún Laoghaire – Ráth an Dúin, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas, Ceatharlach, An Cabhán, Clár, Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh, Ciarraí, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Liatroim, Luimneach, An Longfort, An Lú, Maigh Eo, An Mhí, Muineachán, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann Thuaidh, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge, An Iarmhí, Loch Garman, Cill Mhantáin.
- Má tá breis is 4 réadmhaoin le bheith cláraithe agat, comhlánaigh (Foirm Chlárúcháin ÁCPN d'Áiteanna Cónaithe Breise atá le bheith cláraithe) NPPR10A agus ceangail í de d'Fhoirm Chlárúcháin.

D – SONRAÍ ÍOCAÍOCHTA:

- Is iad na táillí atá leagtha amach thíos na muirir atá iníoctha i leith na mblianta 2009 agus 2010. Is é an táille atá iníoctha i leith 2009 agus 2010 ná **€200** in aghaidh an ÁCPN (NPPR) in aghaidh na bliana. Tugann an tAcht le fios go mbeidh táille íocaíochta déanaí i gceist le haghaidh gach míosa nó cuid áirithe de mhí a mbíonn an muirear €200 gan íoc go fóill, mura n-íoctar muirear taobh istigh de mhí tar éis an dáta dheireanaigh le haghaidh na híocaíochta. I gcás 2009, ciallaíonn sé seo go mbeidh táille íocaíochta déanaí i gceist i gcás gach ÁCPN tar éis 31 Deireadh Fómhair 2009 (Sampla: má tá tú ag íoc an mhuirir le haghaidh 2009 ar ÁCPN amháin in Aibreán 2010, is é an méid a bheadh dlite ná €200 + 6 x €20 = €320). I gcás 2010, beidh an táille íocaíochta déanaí ag baint le gach íocaíocht a dhéanfar tar éis 30 Meitheamh 2010. Is ionann an táille íocaíochta déanaí agus €20 in aghaidh na réadmhaoine, in aghaidh na míosa, nó in aghaidh cuid áirithe den mhí.
- **Leanfaidh táillí íocaíochta déanaí de bheith ag carnadh chomh fada is a bhíonn an muirear gan íoc agus d'fhéadfadh méid an-suntasach a bheith i gceist.**
- NÍ GHLACFAR le hairgead tirim. Is féidir íocaíocht a dhéanamh le Seic, Dréacht Bainc, Ordú Poist, Cárta Creidmheasa/Laser nó Mastercard. Ba chóir go mbeadh an íocaíocht iníoctha le 'NPPR'.
- Ní ghlacfar ach le híocaíochtaí **EURO**.

E – CEIST SLÁNDÁLA:

Bíonn ceist slándála i gceist chun an t-eolas a sholáthraíonn tú a chosaint agus d'fhéadfaí í a iarraidh amach anseo chun d'aitheantas a fhíorú.

F – SÍNIÚ:

Is gá don fhoirm iarratais a bheith sínithe ag úinéir (nó ag úinéir amháin má tá an réadmhaoin faoi chomhúinéireacht) na hÁite Cónaithe Príobháidí Neamhphríomha, nó ag a g(h)níomhaire údaraithe agus dáta an tsínithe curtha uirthi.

NÓTAÍ

- Sula seolfaidh tú an fhoirm isteach, bí cinnte go bhfuil an t-eolas seo a leanas san áireamh agat, le do thoil:
    - Uimh. PSP/UTC
    - Ainm agus seoladh comhfhreagrais an úinéara
    - Sonraí réadmhaoine atá le bheith cláraithe
    - Go bhfuil an fhoirm sínithe agat agus dáta curtha agat uirthi
    - Go bhfuil an íocaíocht faoi iamh agat
    - Bí cinnte go bhfuil gach bileog scaoilte stápláilte dá chéile, le do thoil

TÁ GÁ LEIS AN EOLAS THUAS CHUN D'FHOIRM A PHRÓISEÁIL.
SEOLFAR FOIRMEACHA NACH BHFUIL GO HIOMLÁN COMHLÁNAITHE AR AIS CHUGAT

Seol an fhoirm chomhlánaithe agus an íocaíocht sa phost, le do thoil, chuig: NPPR, Bosca Oifig Phoist 11654, Baile Átha Cliath 8, nó chuig an Údarás Áitiúil bainteach

TABHAIR FAOI DEARA: Is féidir clárú ar líne ag www.nppr.ie

TEAGMHÁIL: Déan teagmháil le d'Údarás Áitiúil maidir le ceisteanna faoi Fhoirmeacha Dliteanais nó Clárúcháin, le do thoil. Téigh go dtí **https://www.nppr.ie/contactus.aspx** chun sonraí teagmhála a fháil.

TABHAIR FAOI DEARA: *Úsáidfear sonraí clárúcháin a bhíonn bailithe ag an Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR) de réir fhorálacha an Achta Rialtais Áitiúil (Muirir) 2009 agus de réir reachtaíocht bhainteach ar bith eile. Ní ghlacfar ach le foirmeacha atá comhlánaithe go hiomlán.*